# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2525 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(6) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-627/20 ([2]), ba cheart iontráil a bhaineann le heintiteas amháin atá liostaithe a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.
([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 28 Meán Fómhair 2022, *Libyan African Investment Company (Laico) v. Council*, T-627/20.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 (Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2)), Cuid B (Eintitis), scriostar an iontráil seo a leanas:

'1. Libyan Arab African Investment Company — LAAICO (dá ngairtear freisin LAICO)'.